Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13816/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0035(COD)**

**CODEC 1292**
**TRANS 582**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach an Iarnróid (2021) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 4 Márta 2020, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 91 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 16 Iúil 2020[2].

3. Ghlac Coiste na Réigiún a thuairim an 14 Deireadh Fómhair 2020[3].

4. An 15 Nollaig 2020, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[4].

1 6556/20.
2 IO C 364, 28.10.2020, lch. 149.
3 Gan foilsiú fós in IO.
4 14031/20.

5. An 18 Samhain 2020, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar thángthas air sna cruinnithe tríthaobhacha agus ag an gcruinniú a bhí aige an 9 Nollaig 2020 chomhaontaigh sé a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 48/20 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.